

☘ An Lúibín ☘

12 Aibreán 2020

Na Rómhánaigh in Éirinn

Ceist í seo atá á cíoradh leis na blianta fada: na Rómhánaigh in Éirinn. Iad tagtha ina gceannaithe nó ina saighdiúirí. Bhí suim ag na Rómhánaigh in Éirinn, gan amhras, agus eolas maith acu uirthi (nó ar chuid di), a bhuíochas sin ar na ceannaithe. Chuirte fíon, ola ológ, gréithre, gloiní, seodra agus eabhar anonn chun na hÉireann; thugtaí amach aisti miotail, eallach, grán, seithí, madraí seilge agus, thar aon rud eile, daoir. Agus chomh maith leis sin, thugadh creachadóirí ó Éirinn ruathar ar iarthar na Breataine.

Tá cuntas iomráiteach ar ghné den scéal ó pheann an staraí Tacitus (c. AD 56 – c. 120), cuntas atá ina shean-nath anois agus Tacitus ag cur síos ar eachtraí an ghinearáil Agricola, a athair céile. Ba é Agricola a ghabh chuid mhaith den Bhreatain.

Sa chúigiú bliain den fheachtas, agus é dulta trasna (Abhainn Chluaidh) sa chéad long, bhuaíl sé le ciníocha nach raibh eolas orthu go dtí sin agus bhuaigh orthu ina lán cathanna rathúla; chuir sé an chuid sin den Bhreatain a bhfuil a haghaidh ar Éirinn i dtreo cosanta, rud a rinne sé le dóchas seachas le heagla, toisc go bhfuil Éire suite idir an Bhreatain agus an Spáinn agus í gar go leor don fharraige timpeall na Gaille, agus go ndéanfadh sin ceangal sochrach idir na codanna ba láidre den impireacht. Is cúinge Éire ná an Bhreatain ach sáraíonn sí oileáin ár mara féin i dtaca le méid. Ní mór idir í agus an Bhreatain maidir le talamh agus le spéir ná le hairíonna agus le dúchas na ndaoine; tá eolas againn ar an gcuid is mó de na bealaí isteach agus na calaí de bharr na trádála. D'fháiltigh Agricola roimh dhuine de mhionríthe na hÉireann a díbríodh de thoradh aighnis agus choinnigh ann ar scáth an chairdis é chun an deis a thapú. Is minic a chuala mé Agricola agus é á rá gur leor léigiún amháin agus roinnt trúpaí cúnta chun Éire a chloí agus a ghabháil; agus gur mhaith an áis i gcoinne na Breataine é airm na Róimhe a bheith le feiceáil i ngach áit agus radharc ar an tsaoirse a cheilt dá bharr.

Quinto expeditionum anno nave prima transgressus ignotas ad id tempus gentis crebris simul ac prosperis proeliis domuit; eamque partem Britanniae quae Hiberniam aspicit copiis instruxit, in spem magis quam ob formidinem, si quidem Hibernia medio inter Britanniam atque Hispaniam sita et Gallico quoque mari opportuna valentissimam imperii partem magnis in vicem usibus miscuerit. Spatium eius, si Britanniae comparetur, angustius nostri maris insulas superat. Solum caelumque et ingenia cultusque hominum haud multum a Britannia differunt; [in] melius aditus portusque per commercia et negotiatores cogniti. Agricola expulsus seditione domestica unum ex regulis gentis exceperat ac specie amicitiae in occasionem retinebat. Saepe ex eo audivi legione una et modicis auxiliis debellari obtinerique Hiberniam posse; idque etiam adversus Britanniam profuturum, si Romana ubique arma et velut e conspectu libertas tolleretur.¹

Deir scoláirí éigin go mb'fhéidir gurbh é fear darbh ainm Túathal Techtmar an rí Éireannach a luaitear sa sliocht seo: ardrí ar treascraíodh a athair Fíacha Finnolach in Éirinn agus a rugadh sa Bhreatain, áit a raibh a mháthair Eithne ina deoraí. D'fhill sé, chuir sé cogadh ar a naimhde agus rinneadh ardrí a ghairm de.^{2 3} Tá sé luaite in *Annála Ríochta Éireann*, in *Foras Feasa ar Éirinn* agus in *Lebor Gabála Érenn*: tá cuntas ag na Ceithre Máistrí air mar an té a rug bua ar Ard-Rí na hÉireann in AD 76:

Iar mbeith fiche bliain i rí os Éirinn d'Eilimh mac Chonrach do rochair i gcath Aichle le Tuathal Teachtmhar.⁴

¹ Tacitus, *Agricola*, XXIV: <https://www.thelatinlibrary.com/tacitus/tac.agri.shtml>

² R. B. Warner (1995), 'Tuathal Techtmar: a myth or ancient literary evidence for a Roman invasion?' *Emania* 13, lgh 23–32.

³ Richard Warner, 'Did the Romans invade Ireland?': <http://marsatqueens.co.uk/seminar-three.html>.

⁴ CELT, *Annála na gCeithre Máistrí*, M76.1: <https://celt.ucc.ie/published/G100005A/index.html> (Iar m-beith fiche bliadhain h-i righe os Erinn d'Elim mac Conrach do-rochair h-i c-cath Aichle la Tuathal Techtmhar)

Mar sin féin, is deacair nasc deimhnithe a dhéanamh idir mo dhuine agus an té atá luaite ag Tacitus. Ní chuirfidh sin deireadh leis an argóint agus scoláirí nó conspóidithe á áitiú gur féidir ciall mhíleata a bhaint as an bhfianaise sheandálaíoch atá anois againn – sciúird isteach ag díorma armtha, b'fhéidir.

Tá aird tugtha ag na scoláirí ar leid iomráiteach eile i saothar an aorthóra Decimus Iunius Juvenalis (Juvenal) (fl. AD 100):

arma quidem ultra
litora Iuvernæ promovimus et modo captas
Orcadas ac minima contentos nocte Britannos⁵

D'iompraíomar ár n-airm thar chladaí na hÉireann go hInse Orc a gabhadh le gairid agus go dtí na Briotanaigh atá toilteanach lena n-oíche ghearr.

Focail iad seo a d'fhéadfadh a thabhairt le fios go raibh baint éigin mhíleata ag na Rómhánaigh le hÉirinn, rud nach féidir a dhearbhu, murab ionann is an trádáil agus a bhfuil d'iarsmaí seandálaíocha fágtha ina diaidh aici. Ach luíonn focail an ársaitheora William Pinkerton (1866) le réasún:

From the above, we see clearly that the Romans had carried their arms over or beyond the shores of Ireland, not into the interior of Ireland, for then one shore would have sufficed, and we would have had the singular *littus*; but Juvenal, to render his meaning plainer to us, has actually used the plural *littora*.⁶

Lá dá raibh ba dheacair teacht ar fhianaise sheandálaíoch a dhearbódh go raibh nasc éigin ag Éirinn leis na críocha Rómhánacha. Pinkerton arís (1857): 'I might also add the absence of the coins found in such abundance in Britain, especially in the neighbourhood of Roman towns and stations... At other Roman stations in England and in France a similar abundance of coins prevails'.⁷ Is iomaí earra agus bonn de chuid a aimsíodh in Éirinn ó shin agus foinse Rómhánach curtha ina leith.

Láithreáin

Is léir le fada an lá gur in oirthear agus in oirthuaisceart na hÉireann atá iarsmaí dá leithéid le fáil – sna háiteanna ab fhóirsteanaí do cheannaithe anoir.

*Droim Meánach: dún mór ceann tíre (200,000 méadar cearnach) de chuid na hIarannaoise (nó beagán níos luaithe), timpeall fiche ciliméadar ó thuaidh ó Bhaile Átha Cliath. Tá glasoileán beag ann, timpeall daichead acra, agus é cosanta ag trí charnán atá tógtha i gcomhthreo le chéile ó thuaidh ó dheas agus díoga os a gcomhar amach. Is dócha gur laghdaigh creimeadh na farraige go mór é, agus b'fhéidir gur cailleadh iarsmaí Rómhánacha dá bharr. Fuarthas boinn Rómhánacha ann in éineacht le miotalóireacht agus miasa, ar nós blúirí amfaraí ón Andalúis. Tá eolas ag seandálaithe ar an láithreán ó na 1950idí, nuair a nocht an treabhadh sligí d'earraí criadóireachta. Tá a lán rudaí aimsithe ag brathadóirí neamhdhleathacha ann, ach is cúis iontais é nach ndearnadh aon tochair sheandálaíoch fós ann.

*Reachrainn i gContae Bhaile Átha Cliath: roinnt uaigneanna ar an oileán sin, áit atá i ngar don chósta, láimh le Droim Meánach. Fuarthas bróistí Rómhánacha ann agus miotalóireacht mhaisiúil de chineál a bhí á úsáid sa Bhreatain Rómhánach i ndeireadh an chéad aois AD.

*Teamhair, Clochar i gContae Thír Eoghain, Caiseal agus Brú na Boinne: boinn agus seoda.

Inis Mac Neasáin, Dún Sinche agus Mullach Íde i gContae Bhaile Átha Cliath: boinn ó ré an Impire Magnentius (AD 350-353) agus an Impire Constantín Mór (AD 306-337).

⁵ Juvenalis, Aor 2, línte 159-160 : <https://sourcebooks.fordham.edu/ancient/juv-sat2lat.asp>

⁶ W. Pinkerton, 'Roman Intercourse with Ireland,' *The Anthropological Review*, Vol. 4, No. 15 (Oct., 1866), lgh 366-371, Royal Anthropological Institute of Great Britain and Ireland: https://www.jstor.org/stable/3024862?seq=1#metadata_info_tab_contents

⁷ W. Pinkerton, 'Ancient Roman Intercourse with Ireland,' *Ulster Journal of Archaeology*, Volume 5, 1857

*Caladh Chorcaí: taisce de bhoinn Rómhánacha de chuid an trú agus an ceathrú haois i gCois Coinne.

*Baile Fhaghain i gContae Luimnigh agus Baile an Fhraoigh i gContae Dhoire: cnapáin airgid agus uingí.



Leabhair a léitear

Tá roinnt leabhar Gaeilge foilsithe ag eagarthóir *An Lúibín*, ach ar éigean is fios dó cé léann iad. (Ní mór an seanfhocal úd a lua arís: *An rud a scríobhann an púca léann sé féin é.*) Scéal é a bhaineann le húdair Éireannacha agus le húdair i gcríocha eile atá ag cur le litríocht chomhaimseartha na Gaeilge. Is tráthúil, mar sin, a tháinig alt amach ar ‘Tuarascáil’ le déanaí in *The Irish Times*.⁸ Chuaigh Éanna Ó Caollaí chun cainte le beirt atá páirteach i bhfoilsitheoireacht Ghaeilge agus iad dóchasach go leor. Ar dtús, áfach, cuimhnimis ar a bhfuil in easnamh ar an bhfoilsitheoireacht chéanna: fógraíocht, dáiliúchán, léirmheasanna, nós na léitheoireachta féin.

Cuireadh agallamh ar Dharach Ó Scolaí, scríbhneoir a bhunaigh An Leabhar Breac, comhlacht foilsitheoireachta in Indreabhán. Luaigh sé an tuairim fhorleathan nach mian le daoine leabhair Ghaeilge a léamh tar éis dóibh an scoil a fhágáil. Dúirt sé freisin go bhfuil roinnt siopaí ann a thugann aird ar leith ar leabhair Ghaeilge agus a bhaineann brabach astu dá bharr. Ach is annamh a chuireann siad de dhua orthu féin na leabhair is mó éilimh a chur chun cinn mar is ceart agus iad a ordú arís. Má dhéanann, éiríonn leo i bhfad níos mó leabhar a dhíol. Tá an t-éileamh ann, mar sin, ach freastal air.

Dúirt Bridget Bhreathnach ó Chló Iar-Chonnacht (CIC) go bhfuil fás mór tagtha ar an méid leabhair Ghaeilge atá á bhfoilsíú – ‘an t-uafás rogha’ ag páistí agus ag daoine fásta araon. Is dóigh léi go bhfuil an pobal léitheoireachta ag méadú.

Tá an ceart aici agus sinn ag cuimhneamh ar a bhfuil á bhfoilsíú ag CIC, Coiscéim, An Leabhar Breac agus roinnt foilsitheoirí eile. Tríd is tríd, tá ag éirí go maith le foilsitheoireacht i nGaeilge agus ní deacair leabhair a ordú ar líne ó na foilsitheoirí féin nó ó Litríocht.com. Is éard atá in easnamh orainn eolas cruinn ar uimhir na léitheoirí.

Má áirítear scríbhneoirí Gaeilge lasmuigh d’Éirinn a bhfuil leabhair foilsithe acu, tig linn Alex Hijmans (Ísiltíreach atá ina chónaí sa Bhrasaíl) a lua, in éineacht le Panu Petteri Höglund (Fionlannach), Torlach Mac Con Midhe (Éireannach atá ina chónaí san Eilvéis), Tomás Mac Síomóin (Éireannach atá ina chónaí sa Spáinn), Seán Ó Muirgheasa agus Séamas Ó Neachtain (Meiriceánaigh), Muiris Ó Scanláin (as Baile na nGall i gCiarraí ach tamall fada caite aige san Astráil), Pádraig Ó Siadhail (Éireannach atá ina chónaí i gCeanada), Derry O’Sullivan (Éireannach atá ina chónaí i bPáras), Colin Ryan (Astrálach), Julie Breathnach-Banwait (Éireannach atá ina chónaí san Astráil). Is dócha gur féidir ainmneacha eile a chur leis an liosta seo ach teacht orthu.⁹

Tá Cló Iar-Chonnacht (CIC) ar na foilsitheoirí Gaeilge is rathúla agus is fiú é a thógáil mar shampla: comhlacht a bhaineann feidhm as foilsíú digiteach agus teicneolaíochtaí margáíochta agus atá ag iarraidh údair Ghaeilge a aistriú go teangacha eile (Máirtín Ó Cadhain, mar shampla). Tá ráite ag ceann na comhlachta, Mícheál Ó Conghaile, in agallamh nach bhfuil CIC chomh ‘táirgiúil’ le foilsitheoirí eile - sé déag leabhar in aghaidh na bliana agus cúig nó sé de leabhair do dhéagóirí ar aistriúcháin iad den chuid is mó. Dhéanfaí ceathair nó cúig de leabhair a athchló. Tríd is tríd, tá an ‘gnáthmheascán’ ann - úrscéalta, gearrscéalta, beagán filíochta, amhráin, leabhair áitiúla agus leabhair thaighde. Margáíocht agus díolaíocht an fhadhb is mó agus leabhair ann nach ndíolann ach 200 cóip.¹⁰

⁸ ‘Cén uair dheireanach ar léigh tú leabhar Gaeilge?’ Éanna Ó Caollaí, Tuarascáil, *The Irish Times*, 16 Márta 2020: <https://www.irishtimes.com/culture/tuarasc%C3%A1il/c%C3%A9n-uair-dheireanach-ar-1%C3%A9igh-t%C3%BA-leabhar-gaeilge-1.4202371>

⁹ An Vicipéid, ‘Scríbhneoirí Gaeilge thar lear’: https://ga.wikipedia.org/wiki/Scr%C3%ADbhneoir%C3%AD_Gaeilge_thar_lear

¹⁰ Máirín Nic Eoin, ‘“Writers in Search of a Market”: An Interview with Mícheál Ó Conghaile, Founder and Director of Cló Iar-Chonnacht’ (i nGaeilge), *Éire-Ireland*, Iml. 52, Uimh. 1 & 2, Earrach/Samhradh 2017, lgh 354-371.

Bheadh deacrachtaí ag foilsitheoirí Gaeilge faoi láthair mar atá ag an oiread sin gnólachtaí eile. Ach tá daoine ag léamh leo fós. An té ar mian leis leabhar Gaeilge a léamh, anois an t-am.



Ainm agus ainmneacha

Ceann d'fhoinní móra eolais na Gaeilge is ea Ainm.ie, cnuasach beathaisnéisí de chuid lucht na Gaeilge a chuir Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú tús leis agus atá ag dul i méid i gcónaí. Tá cuntas ar a n-obair le fáil in '1882-1982 Beathaisneis: Fiontar Taighde' (<https://www.ainm.ie/pdf/beathaisneis-fiontar-taighde.pdf>). 'Chreid an bheirt againn nach ndéanfaí an obair seo mura ndéanfaimisne é,' a deir siad. Bhí eolas á chailleadh.

Ní fhágfaimis léitheoirí in amhras i dtaobh a bháúla a bhíomar le pearsana na hathbheochana, ach ag an am chéanna sheachnóimis an tseanmóireacht. Rud nach seachnóimis ba ea na faithní: d'fháilteoimis roimh dhúnmharfóirí, roimh striapaigh - idir fhuir is mhná - agus roimh ghadaithe, bhacaigh, aindúiligh drugaí... Mo léan, in ainneoin ár ndíhill níor éirigh linn a leithéidí a aimsiú. Tá an corrspaire againn, an t-alcólach fánach, agus, anseo is ansiúd, an té a d'iompaigh a chóta.

Tá iarracht déanta acu ar a bheith 'ionadaíoch' agus daoine ó gach dream a thabhairt isteach – rud nach furasta. An Garda, an státseirbhíseach, an bhean rialta, an Bráthair Críostaí, an bhean phósta, an feirmeoir.

Difríocht eile idir a bhfuil ar bun againne agus an gnáthfhoclóir beathaisnéise is ea go bhfuil an mhuintir a rabhamar ag déileáil leo gaolmhar le chéile. B'fhéidir a rá gurb aon mhuintir amháin iad. Na rudaí céanna a bhí a spreagadh. Bhí aithne acu ar a chéile. Bhídis ag foghlaim óna chéile. Casadh Conraitheoirí orthu a chuir cor ina saol.

Déanann siad tagairt don bhaint a bhí ag lucht na Gaeilge i gcoitinne leis an bpolaitíocht réabhlóideach, leis an IRB, le comharchumannachas agus ceardchumannachas, le gluaiseacht na mban, agus baint ag na daoine sin lena chéile.

Ní obair gan dua í. Chuir siad rompu gach iris Ghaeilge, roinnt mhaith irisí Béarla agus lear leabhar de gach cineál a léamh ó 1882 ar aghaidh. Tá a rian sin ar an saothar.

Ach tá fadhb ann i gcónaí, agus ní hé Ainm.ie amháin atá i gceist: easpa ban. Pléitear é seo ar Gaois.ie.¹¹ Mar a deirtear ann:

Is é croí na faidhbe ná an tuiscint a bhí ag lucht déanta na gcnuasach seo ar cad is 'beatha tábhachtach' ann. B'ionann sin go minic agus beatha fir ón aicme cheannais a bhain clú áirithe amach sa saol poiblí.

Luaitear roinnt cnuasaigh beathaisnéisí náisiúnta eile agus is annamh a sháraíonn líon na mban 10% den iomlán. Mar sin féin, tá méadú ag teacht ar ainmneacha ban ar Ainm.ie: 22% de na beathaí a scríobhadh ó 2013 i leith. Fáiltíonn Ainm.ie roimh eolas breise: ainm@dcu.ie.

Ní mór an sárobair a rinne an Dr Val Noone a lua agus an scéal seo á chíoradh. Tá eolas luachmhar ar chuid de lucht na Gaeilge san Astráil bailithe aige ina leabhar *Hidden Ireland in Victoria* (Ballarat Heritage Services 2012). Go bhfios dúinn, níl a leithéid déanta fós sa Bhreatain ná i Meiriceá Thuaidh. Féach freisin 'Liosta stairiúil lucht Gaeilge san Astráil' sa Vicipéid.¹²

¹¹ 'Beathaí Ainm agus ceisteanna comhionannais inscne': <https://www.gaois.ie/blg/ga/beathai-ainm-agus-ceisteanna-comhionannais-inscne/>

¹² https://ga.wikipedia.org/wiki/Liosta_stairi%C3%BAil_lucht_Gaeilge_san_Astr%C3%A1il



Is gearr ó fuair Tim Robinson bás, Sasanach agus Gaeilgeoir a d'fhág Éire faoi chomaoin aige de bharr na léarscáileana sárchruinne a rinne sé d'Árainn, den Bhoirinn agus de Chonamara agus iad lán d'eolas ar dhúchas na réigiún sin. Rugadh é in Yorkshire in 1935 agus rinne sé staidéar ar an matamaitic in Ollscoil Cambridge. Bhí sé tamall san Ostair agus sa Tuirc agus ansin i Londain ag obair mar amharc-ealaíontóir.

Bhain sé Árainn amach in 1972. Shiúil sé iarthar na hÉireann ag bailiú faisnéise: as sin a tháinig na léarscáileanna agus cúig leabhar - *Conamara: Listening to the Wind* (2006), *The Last Pool of Darkness* (2008), *A Little Gaelic Kingdom* (2011), *Stones of Aran: Pilgrimage* (1985) agus *Stones of Aran: Labyrinth* (1995). D'fhoilsigh sé dhá leabhar eile: *My Time in Space* agus *Experiments on Reality*. In 2007 d'fhoilsigh sé féin agus Liam Mac Con Iomaire *Graveyard Clay*, aistriúchán ar *Cré na Cille*, úrscéal mór Mháirtín Uí Chadhain.

Tar éis na mblianta fada a chaitheamh i gConamara d'fhill sé féin agus a bhean chéile Máiréad Robinson ar Londain, áit a bhfuair sé bás. D'fhág sé leacht ina dhiaidh – línte pinn a léirigh an dúchas, logainmneacha nach gcaillfear go deo, agus an focal féin.



Eolaíocht

Xéinearóbait

Gliondar, scéin, déistin, iontas. Tá taighdeoirí in Ollscoil Vermont (UVM) tar éis beathachruthacha nua a dhéanamh. Thóg siad cealla beo ó shuthanna froganna agus bhain feidhm astu chun 'xéinearóbait' a dhéanamh. Níl siad sin ach miliméadar ar leithead, agus thig leo maireachtáil cúpla seachtain, siúl rompu agus cuspóir acu, dul i comhar le chéile agus iad féin a leigheas má ghearrtar iad.

Rinneadh iad a dhearadh ar shár-ríomhaire in UVM. Tugadh sonraí áirithe don ríomhaire: ciúbanna teibí a raibh eolas iontu ar chealla craicinn agus croí ó fhrog Afracach. Dúradh leis an ríomhaire na cealla a chur ag gluaiseacht. Bhain an ríomhaire úsáid arís agus arís as cúpla céad ceall chun meall cruthanna a dhéanamh.

Roghnaíodh roinnt bheag de na cruthanna sin agus tugadh na sonraí do shaotharlanna bitheolaíochta in Ollscoil Tufts. Tógadh gaschealla ó fhroganna Afracacha a bhain leis an speiceas *Xenopus laevis*. Rinneadh na cealla a scaradh ó chéile agus cuireadh ag goradh iad. Ansin baineadh feidhm as mionteanchair agus mionleictreoid chun na cealla a cheangal le chéile ar chomhairle an ríomhaire. Thosaigh na cealla ag dul i bpáirt le chéile: rinneadh creat de na cealla craicinn agus ghluais na róbait ar aghaidh de réir uathspregadh na gceall croí.

Tá na xéinróbait in ann dul ag obair i gcomhar le chéile agus a gcuid fuinnimh féin iontu. Maítear gur feidir a leithéidí a chur ag bailiú mionphlaisteach sna haigéin, ag cuardach truailliú raidighníomhach nó ceimiceach nó fiú ag glanadh plaic as artairí.

Ach tugann rudaí maithe a n-olcas féin leo. D'fhéadfadh na mionróbait seo póru gan srian nó cur isteach ar an timpeallacht ar bhealaí nach léir dúinn faoi láthair, rud a tharla cheana i ngeall ar gach aireagán mór eile. Go sáraí an sochar an dochar.



Aiséirí

Fiú más neamhchreidmheach thú, ní féidir leat neamhshuim a dhéanamh den Cháisc mar shiombail – aiséirí ó mhairbh agus dóchas nua, cé gur mó an chiall atá leis sin i dtuaisceart an Domhain agus é i mbéal an Earraigh ná i ndeisceart an Domhain agus an geimhreadh ag teacht.

Seo sliocht as an mBíobla Naomhtha (Bíobla Bedell) agus an litriú athchóirithe beagán. Fágadh seanfhoirmeacha ar nós *an tan* (an uair/nuair), *(a)ibh* (an tabharthach iolra), *chífid* (feicfidh siad) agus na seanchora cainte, ach rinneadh *le de re* agus *chun de do chum*.

Foilsíodh an Tiomna Nua in 1602, cé nár cuireadh lear mór cóipeanna i gcló. Thosaigh an obair i bhfad siar san 16ú haois; d'ainneoin blas liteartha a bheith ar an aistriúchán, tugtar léargas ar chaint choitianta na ré sin chomh maith, fianaise a bhfuil a luach féin uirthi.



Íocón Slavach
Wikimedia Commons

Matha, Caibidil 28, línte 1-10

- 1 Agus i ndeireadh na Sábaide, an tan do shoilsigh an chéad lá den tseachtain, tháinig Muire Mhagdailéan agus an Mhuire eile, d'fhéachaint an tuama.
- 2 Agus, féach, do bhí crith mór talún ann: Óir ag tuirlingt d'aingeal an Tiarna anuas ó neamh, tháinig sé, agus d'iomlait sé an chloch ón dorus, agus do shuigh sé uirthi.
- 3 Agus do bhí a ghnúis mar thintreach, agus a éadach geal mar shneachta:
- 4 Agus do chreathnaíodar an lucht coimhéada ar a eaglasan, agus do bhíodar i riocht mhairbh.
- 5 Achd ar bhfreagra don aingeal a dúirt sé leis na mnáibh, Ná bíodh eagla oraibhse: óir atá a fhios agam, gur ab é Íosa do crochadh atá sibh d'iarraidh.
- 6 Níl sé anseo: óir d'éirigh sé, mar a dúirt sé, Tigigí, féachaigí an áit ina raibh an Tiarna ina luí.
- 7 Agus ar n'imeacht daoibh go luath, insigí dá dheisceablaibh gur éirigh sé ó mharbhaibh; agus, féach, tá sé ag dul romhaibh don Ghaililé; do chífidh sibh ansin é: féach, a dúirt mise libh é.
- 8 Agus ar n'imeacht ón tuama go deithneasach dhóibh maille le heagla agus le gairdeachas mór; do ritheadar dá fhoilsíú sin dá dheisceablaibhsean.
- 9 Agus an tan d'imíodar chun go bhfoilseoidis sin dá dheisceablaibhsean, féach, tharla Íosa orthu, ag rá, Dé bhur mbeatha dhaoibh. Ach tháingadarsan, agus rugadar ar a chosaibhsean, agus d'onóraíodar é.
- 10 Adeir Íosa an tan sin leo, Ná bíodh eagla oraibh, imígí, beirigí sgéala chun mo dheartháireach chun go rachaidís don Ghaililé, agus do chífid mise ansin.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.